**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Buiséid*

**2018/0243(COD)**

12.12.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Coiste um Fhorbairt

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta
(COM(2018)0460 – C8-0275/2018 – 2018/0243(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*) Eider Gardiazabal Rubial

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ar an gCoiste um Fhorbairt, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) Ba cheart do chontrapháirtithe a bheith incháilithe don Ráthaíocht ar choinníoll go ndéanann siad a mbeartais inmheánacha a ailíniú chun an timpeallacht dlíthiúil nuaghlactha a léiriú chun seachaint cánach a chomhrac, sa bhreis ar imghabháil cánach a chomhrac, mar a mionsonraíodh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Márta 2018 maidir le ceanglais nua i gcoinne seachaint cánach i reachtaíocht AE lena rialaítear go háirithe oibríochtaí cistiúcháin agus infheistíochta (C(2018)1756);*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Mar léiriú ar an tábhacht atá ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart go rannchuideofaí sa Rialachán seo le príomhshruthú na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá inti 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár seo, meastar go gcaithfear le ***25*** % | (28) Mar léiriú ar an tábhacht atá ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas chun Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Rialachán seo rannchuidiú le príomhshruthú na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice foriomláine arb é atá inti ***ar a laghad*** 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide ***le linn tréimhse 2021-2027, agus 30 % a luaithe*** |

| | |
|---|---|
| d'imchlúdach airgeadais foriomlán ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme agus ba cheart go mbeadh an rannchuidiú foriomlán ón rialachán seo mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. | ***is féidir, faoi 2027 ar a dhéanaí***. Meastar go gcaithfear i ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ***35 %*** d'imchlúdach airgeadais foriomlán ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus ba cheart go mbeadh an rannchuidiú foriomlán ón Rialachán seo mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. |

*Réasúnú*

*An teanga a ailíniú le Tuarascáil Eatramhach CAI/OR.*

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35 a) Beidh ráthaíocht AE do na hoibríochtaí infheistíochta ceannasacha san earnáil phoiblí mar chuid de CEFI+. Ní leathnófar ráthaíocht AE sin chuig oibríochtaí infheistíochta ceannasacha lena mbaineann lean-iasachtú san earnáil phríobháideach nó iasachtú in eintitis fhocheannasacha, nó chun a leasa, ar féidir leo maoiniú focheannasach a rochtain gan ráthaíochtaí ceannasacha. Chun cabhrú le pleanáil cumais ag BEI, leithdháilfear ar BEI méid íosta ráthaithe d'oibríochtaí infheistíochtaí ceannasacha den sórt sin.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a bhunú, | (36) Ba cheart Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a bhunú, |

lena gcuirfear le Ráthaíocht CEFI atá ann cheana féin agus leis an gCiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha. Ba cheart tacú sa Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le hoibríochtaí CEFI+ a chumhdófar le ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh macra-airgeadais agus iasachtaí le haghaidh tríú tíortha ar bhonn an Chinnidh 77/270/Euratom ón gComhairle[71]. Ba cheart tacú leis na hoibríochtaí sin ó leithreasuithe an Rialacháin seo, mar aon leis na cinn sin faoi Rialachán (AE) Uimh. .../... (ICR III) agus Rialachán (AE) Uimh. .../... (EINS), ar cheart dóibh an soláthar agus na dliteanais a thiocfaidh as iasachtaí cúnaimh mhacra-airgeadais agus iasachtaí le haghaidh tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán EINS, faoi seach. Agus oibríochtaí EFSD+ á maoiniú, ba cheart tús áite a thabhairt dóibhsean a bhfuil mórthionchar acu ar chruthú post cuibhiúil agus a méadódh a gcóimheas costais-tairbhe inbhuanaitheacht na hinfheistíochta. Le linn don Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha tacú leis na hoibríochtaí, ba cheart measúnú ex ante domhain a dhéanamh ar ghnéithe comhshaoil, airgeadais agus sóisialta, ***mar is iomchuí*** agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le rialáil níos fearr. Níor cheart úsáid a bhaint as an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha chun seirbhísí poiblí a sholáthar ar freagracht an rialtais é ar fad.

[71] Cinneadh 77/270/EURATOM ón gComhairle an 29 Márta 1977 ag cumhachtú don Choimisiún iasachtaí Euratom a eisiúint chun rannchuidiú le stáisiúin núicléacha a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9).

lena gcuirfear le Ráthaíocht CEFI***, leis an Sainordú Iasachta Seachtrach*** agus leis an gCiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha atá ann cheana féin. Sa Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, ba cheart tacú le hoibríochtaí CEFI+ a chumhdaítear le ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh macra-airgeadais agus iasachtaí le haghaidh tríú tíortha ar bhonn Chinneadh 77/270/Euratom ón gComhairle[71]. Ba cheart tacú leis na hoibríochtaí sin ó leithreasuithe an Rialacháin seo, mar aon leis na cinn sin faoi Rialachán (AE) Uimh. .../... (ICR III) agus Rialachán (AE) Uimh. .../... (EINS), ar cheart dóibh an soláthar agus na dliteanais a thiocfaidh as iasachtaí cúnaimh macra-airgeadais agus iasachtaí le haghaidh tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán EINS, faoi seach. Agus oibríochtaí EFSD+ á maoiniú, ba cheart tús áite a thabhairt do na hoibríochtaí sin a bhfuil mórthionchar acu ar chruthú post agus a gcuireann a gcóimheas costais-tairbhe le hinbhuanaitheacht na hinfheistíochta. Le linn don Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha tacú leis na hoibríochtaí, ba cheart measúnú *ex ante* domhain a dhéanamh ar ghnéithe comhshaoil, airgeadais agus sóisialta, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le rialáil níos fearr. Níor cheart úsáid a bhaint as an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha chun seirbhísí poiblí a sholáthar, ar freagracht an rialtais é go fóill.

[71] Cinneadh 77/270/EURATOM ón gComhairle an 29 Márta 1977 ag cumhachtú don Choimisiún iasachtaí Euratom a eisiúint chun rannchuidiú le stáisiúin núicléacha a mhaoiniú (IO L 88, 6.4.1977, lch. 9).

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44 a) Chun rannchuidiú leis an gcomhrac idirnáisiúnta in aghaidh na calaoise cánach, imghabháil cánach, calaoise, éillithe agus sciúradh airgid, ba cheart gach maoiniúchán tríd an rialachán seo a sholáthar ar bhealach atá go huile is go hiomlán trédhearcach. Thairis sin, níor cheart do chontrapháirtithe incháilithe tacú le haon ghníomhaíochtaí a dhéantar chun críocha neamhdhleathacha ná rannpháirt a ghlacadh in aon oibríocht mhaoiniúcháin nó infheistíochta trí fheithicil atá lonnaithe i ndlínse neamhchomhoibríoch nó atá i dtearmann cánach. Ba cheart do chontrapháirtithe staonadh freisin ó aon úsáid a bhaint as scéimeanna seachanta cánach nó scéimeanna i dtaca le pleanáil ionsaitheach cánach.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) ciallaíonn 'breisíocht' an prionsabal lena n-áirithítear go rannchuidíonn tacaíocht ón Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le forbairt inbhuanaithe trí oibríochtaí nach bhféadfaí a dhéanamh gan í, nó lena mbaintear torthaí dearfacha amach atá an oiread sin sa bhreis ar a bhféadfaí a bhaint amach gan an tacaíocht sin. Ciallaíonn breisíocht cistí earnála príobháidí a phlódú isteach freisin, agus aghaidh a thabhairt ar chlistí sa mhargadh nó ar staideanna infheistíochta*** |

***fo-optamacha, chomh maith le feabhas a chur ar cháilíocht, ar inbhuanaitheacht, ar thionchar nó ar scála infheistíochta. Áirithítear leis an bprionsabal freisin nach ndéantar oibríochtaí infheistíochta agus maoiniúcháin a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a chur in ionad tacaíocht ó Bhallstát, in ionad maoiniú príobháideach ná in ionad aon idirghabháil airgeadais ón Aontas nó idirnáisiúnta, agus go seachnaítear plódú amach infheistíochtaí poiblí nó príobháideacha eile leis. De ghnáth, bíonn próifíl níos airde ag tionscadail a fhaigheann tacaíocht ón Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ná an phunann infheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó na contrapháirtithe incháilithe faoina ngnáthbheartais infheistíochta gan an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é cuspóir ginearálta an Rialacháin seo seasamh le leasanna agus luachanna an Aontais agus a chur chun cinn ar fud an domhain chun cloí le cuspóirí agus phrionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5), Airteagal 8 agus Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | 1. Is é cuspóir ginearálta an Rialacháin seo seasamh le leasanna***, prionsabail,*** agus luachanna an Aontais agus a chur chun cinn ar fud an domhain chun cloí le cuspóirí agus phrionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5), Airteagal 8 agus Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach***, chomh maith le hAirteagal 208 agus Airteagal 11 de CFAE***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é EUR ***89 200 milliún*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Rialacháin don tréimhse 2021 – 2027. | 1. Is é EUR ***82 451 000 000 i bpraghsanna 2018 (EUR 93 154 000 000*** i bpraghsanna reatha) a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na hionstraime don tréimhse 2021 – 2027. |

*Réasúnú*

*Chun na himhchlúdaigh do Chomharsanacht an Deiscirt agus don Afraic fho-Shahárach a threisiú le EUR 3.5 billiún breise, i gcomhréir le Tuarascáil Eatramhach CAI/OR.*

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) EUR ***68 000*** milliún le haghaidh cláir gheografacha: | (a) EUR ***63 687*** milliún ar a laghad ***i bpraghsanna 2018 (EUR 71 954 milliún i bpraghsanna reatha)*** le haghaidh cláir gheografacha: |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an Chomharsanacht – EUR ***22 000*** milliún ar a laghad, | – an Chomharsanacht – EUR ***20 572*** milliún ar a laghad ***i bpraghsanna 2018 (EUR 23 243 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an Afraic fho-Shahárach – EUR ***32 000*** milliún ar a laghad, | – an Afraic fho-Shahárach – EUR ***30 723*** milliún ar a laghad ***i bpraghsanna 2018 (EUR 34 712 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an Áise agus an tAigéan Ciúin – EUR 10 000 milliún, | – an Áise agus an tAigéan Ciúin – EUR ***8 851 milliún i bpraghsanna 2018 (EUR*** 10 000 milliún ***i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an Áise agus an tAigéan Ciúin – EUR ***4 000*** milliún, | – an Áise agus an tAigéan Ciúin – EUR ***3 540*** milliún ***i bpraghsanna 2018 (EUR 4 000 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) EUR ***7 000*** milliún le haghaidh cláir théamacha: | (b) EUR ***6 196*** milliún ar a laghad ***i bpraghsanna 2018 (EUR 7 000 milliún i bpraghsanna reatha)*** le haghaidh cláir théamacha: |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – Cearta an Duine agus an Daonlathas – EUR 1 500 milliún, | – Cearta an Duine agus an Daonlathas – EUR ***1 328 milliún i bpraghsanna 2018 (EUR*** 1 500 milliún ***i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta – EUR ***1 500*** milliún ar a laghad, | – Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta – EUR ***1 328*** milliún ***i bpraghsanna 2018 (EUR 1 500 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – an Chobhsaíocht agus an tSíocháin – EUR ***1 000*** milliún, | – an Chobhsaíocht agus an tSíocháin – EUR ***886*** milliún ***i bpraghsanna 2018 (EUR 1 000 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b – fleasc 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – Dúshláin Dhomhanda – EUR ***3 000*** milliún, | – Dúshláin Dhomhanda – EUR ***2 656*** milliún ***i bpraghsanna 2018 (EUR 3 000 milliún i bpraghsanna reatha)***, |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) Inscne agus cumhachtú na mban – EUR 1 062 milliún i bpraghsanna 2018 (EUR 1 200 milliún i bpraghsanna reatha)*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) gníomhaíochtaí mearfhreagartha – EUR ***4 000*** milliún. | (c) EUR ***3 540*** milliún ar a laghad ***i bpraghsanna 2018 (EUR 4 000 milliún i bpraghsanna reatha)*** le haghaidh gníomhaíochtaí mearfhreagartha: |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leis an gcúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ina mbeidh EUR ***10 200*** milliún, déanfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 2 a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 15. | 3. Leis an gcúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ina mbeidh EUR ***7 966*** milliún ***i bpraghsanna 2018 (EUR 9 000 milliún i bpraghsanna reatha)***, déanfar na suimeanna dá dtagraítear i mír 2 a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 15. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na leithreasuithe bliantúla a údarú laistigh de theorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil le linn den nós imeachta buiséadach nuair a bheidh na tosaíochtaí comhaontaithe go comhchoiteann idir na hInstitiúidí.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh an Coimisiún páipéir straitéise dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 13 trí bhíthin gníomhartha ***cur chun feidhme***. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 35(2). Beidh an nós imeachta sin i bhfeidhm chomh maith maidir le hathbhreithnithe dá dtagraítear i mír 3, mír 4 agus mír 5 den Airteagal seo, a bhfuil sé d'éifeacht acu go modhnaíonn siad go suntasach ábhar an chláir ilbhliantúil tháscaigh.*** | 1. Glacfaidh an Coimisiún páipéir straitéise dá dtagraítear in Airteagal 12 agus Airteagal 13 trí bhíthin gníomhartha ***tarmligthe***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfar*** cláir ilbhliantúla tháscacha le haghaidh cláir gheografacha a athbhreithniú ***i gcás inar gá*** ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach, go háirithe ***nuair a bheidh*** athruithe substaintiúla ar an gcreat beartais dá dtagraítear in Airteagal 7 | 3. ***Déanfar*** cláir ilbhliantúla tháscacha le haghaidh cláir gheografacha a athbhreithniú ***ag an meántéarma agus, más*** gá, ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach ***ag am ar bith***, go háirithe ***i gcás*** athruithe substaintiúla ar an gcreat |

nó tar éis cás géarchéime nó iar-ghéarchéime.

beartais dá dtagraítear in Airteagal 7 nó tar éis cás géarchéime nó iar-ghéarchéime.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Socrófar ***úsáid*** na gcistí sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 14 agus Airteagal 21. | 2. Socrófar ***leithdháileadh geografach nó téamach*** na gcistí sin ***laistigh de chreat an nós imeachta buiséadach bliantúil nó aistrithe buiséadacha, agus*** i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna bhunú le hAirteagal 14 agus Airteagal 21. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Glacfar*** pleananna gníomhaíochta agus bearta trí bhíthin ***gníomhartha cur chun feidhme*** arna nglacadh i gcomhréir leis ***an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in*** Airteagal ***35(2)***. | 1. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún*** pleananna gníomhaíochta agus bearta a ghlacadh trí bhíthin ***gníomhartha tarmligthe*** i gcomhréir le hAirteagal ***34***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina nglacfar iad i gcomhréir leis an mír seo, cuirfear pleananna gus bearta gníomhaíochta, cé is moite de bhearta cúnaimh eisceachtúil, agus leasuithe teicniúla in iúl faoi cheann mí amháin ó ghlacfar iad do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit tríd an gcoiste*** | ***scriosta*** |

***ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 35.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula nglacfar bearta cúnaimh eisceachtúil nach mó ná EUR 20 milliún, nó sula gcuirfear síneadh leo, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoina gcineál agus faoina gcuspóirí agus faoi na suimeanna airgeadais atá beartaithe. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas sula ndéanfaidh sé athruithe substainteacha ar bhearta cúnaimh eisceachtúil a glacadh cheana. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh cur chuige ábhartha beartais na Comhairle maidir le pleanáil agus cur chun cinn na mbeart sin tar a éis sin, ar mhaithe le comhchuibheas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. | Sula nglacfar bearta cúnaimh eisceachtúil nach mó ná EUR 20 milliún, nó sula gcuirfear síneadh leo, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ***agus Parlaimint na hEorpa*** ar an eolas faoina gcineál agus faoina gcuspóirí agus faoi na suimeanna airgeadais atá beartaithe. Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ***agus Parlaimint na hEorpa*** ar an eolas sula ndéanfaidh sé athruithe substainteacha ar bhearta cúnaimh eisceachtúil a glacadh cheana. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh cur chuige ábhartha beartais na Comhairle ***agus Pharlaimint na hEorpa*** maidir le pleanáil agus cur chun cinn na mbeart sin tar a éis sin, ar mhaithe le comhchuibheas ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomchuí luath faoi phleanáil agus cur chun feidhme beart cúnaimh eisceachtúil de bhun an Airteagail seo, lena n-áirítear na suimeanna airgeadais atá beartaithe, agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas freisin nuair a dhéanfaidh sé athruithe nó síntí suntasacha ar an gcúnamh sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ***ar an eolas*** faoi leithreasuithe ***faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn*** i gcomhréir le hAirteagal 12(6) den Rialachán Airgeadais. | I gcomhréir le hAirteagal 12(6) den Rialachán Airgeadais, déanfaidh an Coimisiún ***faisnéis maidir le*** leithreasuithe a ***tugadh anonn go huathoibríoch, lena n-áirítear na suimeanna i dtrácht, a chur faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus ***na*** Comhairle. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Is as an imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal (6)(2)(a) a mhaoineofar*** an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha. | ***Maoineofar*** an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus (CEFI+) agus an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ***tríd na himchlúdaigh airgeadais i gcomhair cláir gheografacha dá dtagraítear in Airteagal 6(2) (a)***. ***Ní dhéanfaidh sé sin dochar do na gníomhaithe eile a maoinítear faoi na cláir gheografacha.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é an cuspóir a bheidh le CEFI+ mar phacáiste airgeadais comhtháite lena soláthraítear acmhainneacht airgeadais ***leis na modhanna cur chun feidhme a chuirtear ar bun*** le hAirteagal ***23(1)(a), (e), (f) agus (g),*** tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus an rochtain ar mhaoiniú a mhéadú chun forbairt | Is é an cuspóir a bheidh le CEFI+ mar phacáiste airgeadais comhtháite lena soláthraítear acmhainneacht airgeadais ***i bhfoirm deontas, ráthaíochtaí agus ionstraimí airgeadais eile mar a leagtar amach*** in Airteagal ***23(1)***, tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus an rochtain ar mhaoiniú a mhéadú chun forbairt |

| | |
|---|---|
| eacnamaíoch agus shóisialta atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú, agus athléimneacht shocheacnamaíoch tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn, lena agus é dírithe go háirithe ar dheireadh a chur leis an mbochtaineacht, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, cruthú post cuibhiúil, deiseanna eacnamaíocha, scileanna agus fiontraíocht, earnálacha socheacnamaíocha, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide mar aon le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna sonracha ***socheacnamaíocha*** atá leis an imirce ***neamhrialta, i gcomhréir leis na doiciméid clársceidealaithe tháscacha ábhartha***. Díreofar aird ar leith ar thíortha ar sainaithníodh go bhfuil siad i ngleic le leochaileacht nó coimhlint, ar na Tíortha is Lú Forbairt agus ar thíortha bochta ag a bhfuil fiachais ollmhóra. | eacnamaíoch agus shóisialta atá inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú, agus athléimneacht shocheacnamaíoch tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn, lena agus é dírithe go háirithe ar dheireadh a chur leis an mbochtaineacht, fás inbhuanaithe agus cuimsitheach, cruthú post cuibhiúil, deiseanna eacnamaíocha, scileanna agus fiontraíocht, earnálacha socheacnamaíocha, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide mar aon le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna sonracha socheacnamaíocha atá leis an imirce, ***chomh maith le gníomhú ar son na haeráide agus cosaint agus bainistiú an chomhshaoil, agus ag an am céanna, breisíocht a uasmhéadú, táirgí nuálacha a chur ar fáil agus cistí san earnáil phríobháideach a phlódú isteach. Leithdháilfear 30 % den mhaoiniúchán de réir a chéile chuig infheistíochtaí a rannchuidíonn le gníomhaíocht don aeráid, fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht acmhainne. Áiritheofar cothromaíocht gheografach, i gcomhréir le gníomhaíochtaí seachtracha AE agus le tosaíochtaí forbartha***. Díreofar aird ar leith ar thíortha ar sainaithníodh go bhfuil siad i ngleic le leochaileacht nó coimhlint, ar na Tíortha is Lú Forbairt agus ar thíortha bochta ag a bhfuil fiachais ollmhóra. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an ráta soláthair idir 9 % agus 50 % de réir chineál na n-oibríochtaí. | Beidh an ráta soláthair idir 9 % agus 50 % de réir chineál na n-oibríochtaí. ***Déanfar uasmhéid EUR 10 billiún a fhoráil ó bhuiséad AE trí líne shonrach sa bhuiséad i gcreat an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil nó trí aistriú buiséid. Tabharfar de chumhacht don Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34*** |

***chun an t-uasmhéid sin a leasú más gá sin.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Athbhreithneofar na rátaí soláthair gach ***trí*** bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a leagtar síos in Airteagal 40. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34 chun na na rátaí sin a fhorlíonadh nó a leasú.

*Leasú*

Athbhreithneofar na rátaí soláthair gach ***dhá*** bhliain ***ag tosú*** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a leagtar síos in Airteagal 40. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 34 chun na na rátaí sin ***agus na suimeanna airgeadais lena mbaineann*** a fhorlíonadh nó a leasú.

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1 a. Beidh deonú den Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi réir chomhaontuithe ráthaíochta CEFI faoi seach a thabhairt i gcrích idir an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, agus an contrapháirtí incháilithe.***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha tabharfar tacaíocht d’oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta a chomhlíonann na

*Leasú*

2. Tacóidh an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta ***lena dtugtar aghaidh ar***

| | |
|---|---|
| coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais agus: | ***chlistí sa mhargadh nó ar staideanna infheistíochta fo-optamacha. Beidh oibríochtaí comhlíontach freisin*** leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 209(2) den Rialachán Airgeadais agus: |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) breisíocht a áirithiú;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) díriú ar limistéir le clistí soiléire sa mhargadh, caipiteal príobháideach a dhíriú i mbearnaí infheistíochtaí agus díriú ar limistéir atá i mbaol, a theipeann orthu infheistíocht atá go hiomlán príobháideach a mhealladh chucu*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cloífidh contrapháirtithe incháilithe leis na rialacha agus leis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 62(2)(c) den Rialachán Airgeadais. Maidir le comhlachtaí le dlí náisiúnta Ballstáit nó tríú tír a ranníoc leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo, tabharfar tús áite do na comhlachtaí sin a | Cloífidh contrapháirtithe incháilithe leis na rialacha agus leis na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 62(2)(c) den Rialachán Airgeadais. I gcás comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó tríú tír a rann leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán seo, tabharfar tús áite do na comhlachtaí sin a |

| | |
|---|---|
| nochtann faisnéis a bhaineann le critéir i ndáil le rialachas comhshaoil, sóisialta agus corparáideach. | nochtann faisnéis a bhaineann le critéir i ndáil le rialachas comhshaoil, sóisialta***,*** ***cánach*** agus corparáideach. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle cuireadh a thabhairt do chontrapháirtithe incháilithe teacht chuig malartú tuairimí maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27 a*** |
| | ***Rialachas agus struchtúr CEFI+*** |
| | ***1. Beidh CEFI+ comhdhéanta d'ardáin réigiúnacha infheistíochta arna mbunú ar bhonn mhodhanna oibre, nósanna imeachta agus struchtúir na saoráidí cumaisc seachtracha atá ann cheana san Aontas, agus d'fhéadfaidís a n-oibríochtaí cumaisc agus oibríochtaí Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi CEFI+ a chomhcheangal.*** |
| | ***2. Beidh an Coimisiún freagrach as bainistiú foriomlán CEFI+ agus na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha. Thairis sin, ní fhéachfaidh an Coimisiún le dul i mbun oibríochtaí ginearálta baincéireachta. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go rialta chun na caighdeáin is*** |

***airde ó thaobh trédhearcachta agus cuntasacht airgeadais de a áirithiú.***

***3. Maidir le bainistiú CEFI+, cuirfidh bord straitéiseach comhairle ar an gCoimisiún, ach amháin i gcás na n-oibríochtaí a chumhdaítear le beartas an Aontais Eorpaigh um méadú agus a mhaoinítear le IPA III, lena n-áiritheofar bord straitéiseach ina leith sin faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar. Oibreoidh an Coimisiún i ndlúthchomhar le gach contrapháirtí incháilithe, maidir le bainistiú oibríochtúil na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha. Chuige sin, bunófar meitheal theicniúil, a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe ón gCoimisiún agus ó chontrapháirtithe incháilithe, chun an riosca agus an phraghsáil ghaolmhar a mheasúnú.***

***4. Cuirfidh an bord straitéiseach comhairle ar an gCoimisiún maidir le treoshuíomh straitéiseach agus tosaíochtaí straitéiseacha infheistíochtaí de chuid na Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoi CEFI+ agus rannchuideodh sé lena n-ailíniú le treoirphrionsabail agus le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, leis an mbeartas forbartha agus le Beartas Comharsanachta na hEorpa, chomh maith le cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo agus le cuspóir CEFI+ mar a leagtar amach in Airteagal 26. Tacóidh sé leis an gCoimisiún freisin le spriocanna foriomlána infheistíochta a leagan síos i dtaca le húsáid Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha chun tacú le hoibríochtaí CEFI+ agus déanfaidh sé faireachán ar chumhdach geografach agus téamach atá iomchuí agus éagsúlaithe d'fhuinneog infheistíochta.***

***5. Tacóidh an bord straitéiseach freisin leis an gcomhordú foriomlán, leis an gcomhlántacht fhoriomlán agus leis an gcomhleanúnachas foriomlán idir na hardáin infheistíochta réigiúnacha, idir trí cholún den Phlean Eorpach***

***Infheistíochta Seachtraí, idir an Plean Eorpach Infheistíochta Seachtraí agus iarrachtaí eile an Aontais maidir le himirce agus maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, agus mar aon le cláir eile a leagtar amach sa Rialachán seo.***

***6. Beidh an bord straitéiseach comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí, agus de na Ballstáit ar fad agus den Bhanc Eorpach Infheistíochta. Beidh stádas breathnóra ag Parlaimint na hEorpa. Féadfar stádas breathnóra a thabhairt do rannchuiditheoirí, do chontraphháirtithe incháilithe, do thíortha comhpháirtíochta, d'eagraíochtaí réigiúnacha ábhartha agus do pháirtithe leasmhara eile, i gcás inarb iomchuí. Rachfar i gcomhairle leis an mbord straitéiseach sula nglacfar le haon bhreathnóir nua. Beidh an bord straitéiseach faoi chomhchathaoirleacht an Choimisiúin agus an Ardionadaí.***

***7. Tiocfaidh an bord straitéiseach le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus, nuair is féidir, déanfaidh sé tuairimí a ghlacadh trí chomhthoil. Féadfaidh an cathaoirleach cruinnithe breise a eagrú aon tráth nó féadfar iad a eagrú arna iarraidh sin d'aon trian de chomhaltaí an bhoird. I gcás nach féidir an chomhthoil a bhaint amach, beidh feidhm ag na cearta vótála a comhaontaíodh ag an gcéad chruinniú den bhord straitéiseach agus mar a leagtar síos ina rialacha nós imeachta. Tabharfar aird chuí sna cearta vótála sin ar na foinsí maoiniúcháin. Leagfar síos sna rialacha nós imeachta an creat maidir le ról na mbreathnóirí. Déanfar miontuairiscí agus cláir oibre chruinnithe an bhoird straitéisigh a chur ar fáil don phobal tar éis a nglactha.***

***8. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an bhoird straitéisigh maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cur chun feidhme CEFI+. Cuirfidh an bord straitéiseach de Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar tuarascáil ar fáil maidir le dul chun cinn***

***a dhéanfar san ionstraim ráthaíochta don réigiún um méadú chun an tuairisciú thuasluaite a chomhlánú. Déanfaidh an bord straitéiseach comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ábhartha a eagrú go rialta maidir le treoshuíomh straitéiseach agus cur chun feidhme CEFI+.***

***9. Ós rud é go bhfuil an dá bhord straitéiseacha ann, ní bheidh tionchar aige sin ar an ngá a bheidh le creat bainistithe rioscaí CEFI+ aontaithe aonair a chur i bhfeidhm.***

***10. Tacóidh boird oibríochtúla réigiúnacha na n-ardán infheistíochta leis an gCoimisiún ar leibhéal an chur chun feidhme maidir le spriocanna infheistíochta réigiúnacha agus earnála agus maidir le fuinneoga réigiúnacha, earnála agus téamacha infheistíochta a shainiú agus ceapfaidh siad tuairimí maidir leis na hoibríochtaí cumaisc agus maidir leis an úsáid a bhainfear as an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha lena gcumhdaítear oibríochtaí CEFI+.***

*Réasúnú*

*Iarscríbhinn VI maidir le rialachas agus struchtúr CEFI+ a bhogadh chuig an bpríomhthéacs.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27 b*** |
| | ***Déanfaidh grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, inter alia:*** |
| | ***(a) rannpháirt a ghlacadh, in éineacht le hinstitiúidí airgeadais Eorpacha eile, i mbainistiú rioscaí CEFI+, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá chun coinbhleachtaí*** |

***leasa féideartha a sheachaint;***

***(b) cuid d'fhuinneog infheistíochta a chur chun feidhme go heisiach, lena cumhdaítear iasachtú ceannasach a bhfuil EUR 1 bhilliún ar a laghad le cur ar fáil di ó himchlúdaigh airgeadais na gclár geografach, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i gcaibidil 1 agus i gcaibidil 3 den teideal seo;***

***(c) a bheith ina fhrithpháirtí incháilithe de ghníomhaíochtaí cur chun feidhme faoi fhuinneoga infheistíochta eile.***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Arna iarraidh sin do na Ballstáit, féadfar na ranníocaíochtaí arna ndéanamh acu ***a chur in áirithe*** ansin chun gníomhaíochtaí a thionscnamh i réigiúin shonracha, i dtíortha sonracha, in earnálacha sonracha nó i bhfuinneoga infheistíochta sonracha atá ann cheana. | Arna iarraidh sin do na Ballstáit, féadfar na ranníocaíochtaí arna ndéanamh acu ***a mheas le chur i leataobh*** chun gníomhaíochtaí a thionscnamh i réigiúin shonracha, i dtíortha sonracha, in earnálacha sonracha nó i bhfuinneoga infheistíochta sonracha atá ann cheana. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Tabharfaidh an Coimisiún nó na contrapháirtithe incháilithe fógra láithreach don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) má tá forais amhrais acu, ag tráth ar bith d'ullmhú, de chur chun feidhme nó de dhúnadh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Rialachán, go bhfuil calaois, éilliú, sciúradh airgid nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile*** |

***a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais ar bun. Soláthróidh an Coimisiún nó na contrapháirtithe incháilithe gach faisnéis is gá do OLAF chun cur ar a chumas imscrúdú iomlán agus críochnúil a dhéanamh.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30 a*** |
| | ***Gníomhaíochtaí eisiata agus dlínsí neamh-chomhoibríocha*** |
| | ***1. Ina n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe reachtaíocht an Aontais is infheidhme agus caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta agus Aontais a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ní thacóidh siad le tionscadail faoin Rialachán seo a rannchuidíonn le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, seachaint cánach, calaois chánach agus imghabháil cánach. Anuas air sin, ní dhéanfaidh na contrapháirtithe incháilithe oibríochtaí nua nó athnuaite le heintitis atá ionchorpraithe nó bunaithe i ndlínsí a liostaítear faoi bheartas ábhartha an Aontais maidir le dlínsí neamh-chomhoibríocha, nó shainaithnítear mar thríú tíortha ardriosca de bhun Airteagal 9(2) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó nach gcomhlíonann go héifeachtach na caighdeáin chánach maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise atá ag an Aontas nó a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Ní fhéadfaidh na contrapháirtithe incháilithe maolú ón bprionsabal sin ach amháin má chuirtear an tionscadal i bhfeidhm go*** |

***fisiciúil i gceann de na dlínsí sin, agus mura bhfuil aon táscaire ann go dtiteann an oibríocht ábhartha faoi aon cheann de na catagóirí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo. Nuair a bheidh comhaontuithe á dtabhairt i gcrích le hidirghabhálaithe airgeadais, déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal seo a thrasuí sna comhaontuithe ábhartha agus iarrfaidh siad ar na hidirghabhálaithe airgeadais tuairisciú a dhéanamh maidir lena n-urramú.***

***2. Ina oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta, cuirfidh an contrapháirtí incháilithe na prionsabail agus na caighdeáin a leagtar amach i ndlí an Aontais i bhfeidhm maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críche sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus go háirithe i Rialachán (AE) 2015/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ( 2 ) agus i dTreoir (AE) 2015/849. Déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe cistiú díreach agus cistiú trí idirghabhálaithe araon faoin Rialachán seo, ag brath ar fhaisnéis úinéireachta tairbhiúla a nochtadh i gcomhréir le Treoir (AE) Uimh. 2015/849 agus déanfaidh siad sonraí maidir le tuairisciú tír-ar-thír a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 89(1) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30 b*** |
| | ***Sásra casaoide agus sásaimh*** |
| | ***I bhfianaise na gcasaoidí a d'fhéadfadh a bheith ag tríú páirtithe i dtíortha*** |

***comhpháirtíochta, lena n-áirítear ag pobail agus ag daoine aonair a mbeadh tionchar ag tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó CEFI+ agus ón Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha orthu, foilseoidh an Coimisiún agus toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar a suíomhanna gréasáin tagairtí díreacha do shásraí gearáin na gcontrapháirtithe ábhartha a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an gCoimisiún. Soláthróidh an Coimisiún féidearthacht freisin gearáin a fháil go díreach maidir leis an mbealach a ndéileálfaidh na contrapháirtithe incháilithe le casaoidí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i gcuntas i bhfianaise an chomhair a bheidh ann amach anseo leis na contrapháirtithe sin.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Sa tuarascáil bhliantúil ***a ullmhófar in 2021 beidh*** faisnéis ***chomhdhlúite ó thuarascálacha bliantúla*** a bhaineann leis an ***tréimhse ó 2014 go 2020 maidir leis an gcistiú ar fad a rinneadh faoi na Rialacháin dá dtagraítear in Airteagal 40(2), lena n-áirítear ioncaim sheachtracha shannta agus ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais agus beidh miondealú inti ar chaiteachas de réir tíre, úsáid ionstraimí airgeadais, gealltanas agus íocaíochtaí.*** Léireofar sa tuarascáil na príomhcheachtanna a bheidh foghlamtha agus an obair leantach a rinneadh ar na moltaí ó na cleachtaí meastóireachta seachtracha a rinneadh sna blianta roimhe sin. | 6. ***Cuirfidh an Coimisiún*** tuarascáil bhliantúil ***faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa freisin maidir leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha.*** Cuirfear ***an tuarascáil sin*** ar fáil ***go poiblí***. ***Beidh an*** fhaisnéis ***seo a leanas san áireamh inti:*** |
| | ***(a) measúnú ar na torthaí a chuidíonn le cuspóirí agus le críocha an Rialacháin seo;*** |

***(b) measúnú ar na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta atá i bhfeidhm agus a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ar leibhéil earnála, tíre agus réigiúnacha agus a mhéid atá an Rialachán seo á chomhlíonadh acu, lena n-áirítear na bearta riosca agus a dtionchar ar chobhsaíocht airgeadais agus eacnamaíoch na gcomhpháirtithe;***

***(c) measúnú ar an mbreisíocht agus ar an mbreisluach, ar chur in úsáid acmhainní earnála príobháidí, ar an aschur measta agus iarbhír agus ar thorthaí agus ar thionchar na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha ar bhonn comhiomlánaithe, lena n-áirítear an tionchar ar chruthú post cuibhiúil, ar dhíothú na bochtaineachta agus ar an mbealach a dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce; áireofar sa mheasúnú sin anailís inscne ar na hoibríochtaí a chumhdaítear bunaithe ar fhianaise agus ar shonraí miondealaithe de réir inscne, i gcás inar féidir;***

***(d) measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas*** maidir le ***húsáid*** na ***Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí*** Seachtracha ***agus ar ghnóthú na bpríomhtháscairí feidhmíochta arna mbunú le haghaidh gach togra arna thíolacadh;***

***(e) measúnú ar an éifeacht ghiarála a baineadh amach leis na hoibríochtaí a chumhdaítear le CEFI+ agus leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha;***

***(f) an tsuim airgeadais a aistríodh chuig tairbhithe agus measúnú ar oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta gach contrapháirtí incháilithe ar bhonn comhiomlánaithe;***

***(g) measúnú ar bhreisíocht agus ar luach breise oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta na gcontrapháirtithe incháilithe agus ar an riosca comhiomlán***

***a bhaineann leis na hoibríochtaí sin;***

***(h) faisnéis mhionsonraithe maidir le glaonna ar Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, le caillteanais, le torthaí, le méideanna arna n-aisghabháil agus le haon íocaíochtaí eile arna bhfáil agus leis an riosca foriomlán neamhchosanta;***

***(i) na tuarascálacha airgeadais maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta na gcontrapháirtithe incháilithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo, arna n-iniúchadh ag iniúchóir seachtrach neamhspleách;***

***(j) measúnú ar shineirgí agus ar chomhlántacht idir oibríochtaí dá gcumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha agus an dara colún agus an tríú colún de PIS bunaithe ar thuarascálacha ábhartha atá ann cheana, le haird faoi leith ar an dul chun cinn maidir le dea-rialachas, lena n-áirítear sa chomhrac i gcoinne an éillithe agus i gcoinne sreabha aindleathacha airgeadais, urraim do chearta an duine, an smacht reatha agus beartais a fhreagraíonn do chúrsaí inscne, chomh maith le borradh a chur faoin bhfiontraíocht, faoi thimpeallacht na ngnólachtaí áitiúla agus faoi na margaí airgeadais áitiúla;***

***(k) measúnú ar phrionsabail éifeachtacht na forbartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a bheith á gcomhlíonadh ag oibríochtaí Ráthaíocht CEFI;***

***(l) measúnú ar an luach saothair do na ráthaíochtaí;***

***m) measúnú ar chur chun feidhme na bhforálacha maidir le gníomhaíochtaí eisiata agus dlínsí neamhchomhoibríocha***.

Léireofar sa tuarascáil na príomhcheachtanna a bheidh foghlamtha agus an obair leantach a rinneadh ar na moltaí ó na cleachtaí meastóireachta seachtracha ***neamhspleácha*** a rinneadh sna

blianta roimhe sin.

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meastóireacht | ***Athscrúdú agus*** meastóireacht mheántéarma |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar meastóireacht eatramhach ar an Rialachán seo ach a mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil faoina chur chun feidhme, ach*** tráth nach faide ná ***ceithre bliana ó thosach*** chur chun feidhme ***na*** hionstraime. | ***Cuirfear tuarascáil mheántéarma maidir le hathscrúdú faoi bhráid an Choimisiúin i dtaca le*** cur chun feidhme ***an Rialacháin seo*** tráth nach déanaí ná ***31 Nollaig 2024***. ***Cumhdófar léi an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go 30 Meitheamh 2024 agus díreofar ar ghnóthú chuspóirí an rialacháin seo trí bhíthin táscairí lena dtomhaistear na torthaí a seachadadh agus éifeachtúlacht na n-ionstraimí uile a chumhdaítear faoin*** ionstraim ***seo, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus agus an Ráthaíocht do Ghníomhaíocht Seachtrach***. ***Lena chois sin, tabharfaidh an tuarascáil sin aghaidh ar an mbreisluach, ar an scóip atá ann chun rudaí a dhéanamh níos simplí, ar an gcomhlántacht agus na sineirgí idir na hionstraimí lena gcumhdaítear leis an rialachán seo, ar ábharthacht leanúnach gach cuspóir, agus ar rannchuidiú na mbearta le gníomh seachtrach leanúnach an Aontais. Beidh inti freisin faisnéis faoin éifeacht ghiarála a baineadh amach le hoibríochtaí infheistíochta arna mhaoiniú faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás inarb*** iomchuí úsáidfear sna meastóireachtaí prionsabail dea-chleachtais Choiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, chun a dhéanamh amach ar baineadh amach na cuspóirí agus chun moltaí a cheapadh i leith gníomhaíochtaí a fheabhsú don am atá le teacht. | ***Cuirfear an tuarascáil mheántéarmach maidir le hathscrúdú dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh tograí reachtacha ag gabháil léi, más*** iomchuí***, lena dtabharfar isteach na leasuithe is gá ar na hIonstraimí agus ar an Rialachán seo***.<br>***Úsáidfear freisin sna*** meastóireachtaí prionsabail dea-chleachtais Choiste um Chúnamh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, chun a dhéanamh amach ar baineadh amach na cuspóirí agus chun moltaí a cheapadh i leith gníomhaíochtaí a fheabhsú don am atá le teacht. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faisnéis***, cumarsáid agus ***poiblíocht*** | ***Trédhearcacht***, cumarsáid agus ***nochtadh poiblí faisnéise*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Foilseoidh an Coimisiún ar a thairseach gréasáin faisnéis faoi oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta agus gnéithe*** |

***bunriachtanacha chomhaontuithe ráthaíochta uile CEFI+, lena n-áirítear faisnéis faoi shainiúlacht dhlítheanach chontrapháirtithe incháilithe, tairbhí forbartha ionchasacha agus nósanna imeachta gearáin, agus cosaint faisnéise rúnda agus íogair ó thaobh na tráchtála de á cur san áireamh.***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. I gcomhréir lena mbeartais trédhearcachta agus le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus maidir le rochtain ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis, cuirfidh na contrapháirtithe CEFI+ incháilithe ar fáil go poiblí ar a suíomh gréasáin ar bhonn réamhghníomhach agus córasach faisnéis a bhaineann leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta uile a chumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoin Rialachán seo, agus a bhaineann go háirithe leis an gcaoi a gcuireann na hoibríochtaí sin le gnóthú chuspóirí agus cheanglais an Rialacháin seo. I gcás inar féidir é, déanfar an fhaisnéis sin a mhiondealú ar leibhéal na dtionscadal. Cuirfidh an fhaisnéis sin cosaint faisnéise rúnda agus íogair ó thaobh na tráchtála de i gcuntas i gcónaí. Déanfaidh na contrapháirtithe incháilithe tacaíocht ón Aontas a phoibliú i ngach faisnéis a fhoilseoidh siad maidir le hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta dá gcumhdaítear leis an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha i gcomhréir leis an Rialachán seo.*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta |
| **Tagairtí** | COM(2018)0460 – C8-0275/2018 – 2018/0243(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET DEVE<br>2.7.2018 2.7.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG<br>2.7.2018 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach** | 5.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Eider Gardiazabal Rubial<br>11.7.2018 |
| **Riail 55 – Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 5.7.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 21.11.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.12.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nedzhmi Ali, Jean Arthuis, Richard Ashworth, Lefteris Christoforou, Manuel dos Santos, André Elissen, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, John Howarth, Siegfried Mureşan, Liadh Ní Riada, Jan Olbrycht, Pina Picierno, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Jordi Solé, Patricija Šulin, Inese Vaidere, Monika Vana, Daniele Viotti, Marco Zanni |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Xabier Benito Ziluaga, Karine Gloanec Maurin |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Eugenia Aguilera García, Claudia Schmidt |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ALDE | Nedzhmi Ali, Jean Arthuis |
| PPE | Richard Ashworth, Lefteris Christoforou, José Manuel Fernandes, Ingeborg Gräßle, Monika Hohlmeier, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Paul Rübig, Petri Sarvamaa, Claudia Schmidt, Patricija Šulin, Inese Vaidere |
| S&D | Clara Eugenia Aguilera García, Eider Gardiazabal Rubial, Jens Geier, Karine Gloanec Maurin, John Howarth, Pina Picierno, Manuel dos Santos, Daniele Viotti |
| VERTS/ALE | Jordi Solé, Monika Vana |

| 2 | - |
|---|---|
| ENF | André Elissen, Marco Zanni |

| 2 | 0 |
|---|---|
| GUE/NGL | Xabier Benito Ziluaga, Liadh Ní Riada |

Eochair na siombailí:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh